Ceol na teanga

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# FGL Gaeilge (T1)

## Eanáir – Márta 2018

# Lámhleabhar

# Clár

## Rannán 1: Eolas

Ábhar Tacaíochta……………………………………………………… 3
Acmhainní don Taifeadadh…………………………………………………. 3
Príomhtheachtaireacht an Lae…………………………………………… 4
Gluais………………………………………………………………………5-6
An Fráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha....................7
Na Ráitis Foghlama..........................................................................8
Torthaí Foghlama…………………………………………………… 9-12


## Rannán 2: Gníomhaíochtaí

Athruithe Cleachtais……………………………………………………..13
Caint agus Roinnt…………………………………………………………..13
Roghnú na dTorthaí Foghlama………………………………………… 13
Machnamh ar na Blurbaí……………………………………………….. 13
Na Gnéithe Suntasacha……………………………………………… 14
Spotsholas ar na Gníomhbhriathra……………………………………... 14
Gníomhphointí do mo Chleachtas Pearsanta…................................ 14
Eispéireas Foghlama a Dhearadh………………………………………... 15
Intinní Foghlama a Chumadh…………………………………………15
Critéir Ratha a Chumadh……………………………………………........15

## Rannán 3: Pleanáil

Litríocht……………………………………………………………………….16
Measúnú………………………………………………………………….17-18
Próiseas na Pleanála……………………………………………………..19
Critéir Ratha agus an Rúibric……………………………………………20
Blurbaí………………………………………………………………… 21-25
Teimpléad Pleanála (2017-2018)……………………………………. 26-27
Nótaí…………………………………………………………………….....28

## FGL sa Ghaeilge ón tSSM




An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers


# Áḃar Tacaíoċta


www.jct.ie












www.doegen.ie




www.duchas.ie




www.focloir.ie




www.teanglann.ie




www.abair.tcd.ie

## An Litríocht Áitiúil / Bhéil

**Roinnt Foinsí Eile**

Cartlann Raidió na Gaeltachta, Cartlann TG4, Cnuasach Bhéaloideas Éireann, An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, Ionaid Oidhreachta áitiúla

# Acṁainní don Taifeadaḋ

www.powtoon.com

www.tellagami.com

www.vocaroo.com

**Tacaíocht**

# Príoṁṫeaċtaireaċt an Lae

## Coṁoibriú

## Coṁṫáṫú

## Measúnú Foirmiṫeaċ

## Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na Torthaí Foghlama a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa tSraith Shóisearach.

## Aonad Foghlama

Fócas na foghlama thar thréimhse ama. Dearfar an tAonad ag brath ar na Torthaí Foghlama a roghnaíonn an múinteoir le díriú orthu. Braithfidh na féidearthachtaí don fhoghlaim agus don mheasúnú a eascraíonn ón Aonad ar réimse spéise agus cumais na scoláirí agus ar líon na dtascanna a roghnaíonn múinteoir(í) a dhéanamh laistigh den Aonad. Solúbthacht ama i gceist le fad an Aonaid.

## Comhtháthú na Litríochta

Sa chéad bhliain, leagfar bunchloch do shaothrú na litríochta sa dara agus sa tríú bliain. Gheobhaidh an scoláire blaiseadh de sheánraí éagsúla. Tugann an léitheoireacht agus an litríocht deiseanna foghlama nach bhfuil ar fáil in áit ar bith eile. Tugann siad deiseanna do scoláirí teacht ar fhocail, nathanna agus struchtúir nua a chothaíonn sealbhú na teanga; teanga atá saibhir cruinn agus a bhfuil canúintí, saíocht agus oidhreacht na Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil inti. Tríd an gcur chuige comhtháithe, tacaíonn an litríocht leis na torthaí foghlama a chur i ngníomh; ag cabhrú leis an scoláire an teanga agus litearthacht a shealbhú, le scileanna criticiúla agus cruthaitheachta a fhorbairt le tuiscintí cultúrtha a threisiú agus le forás pearsanta na scoláirí a chothú. Is ionann sin is a rá is go bhfuil an litríocht fite fuaite le gach rud eile atá ag dul ar aghaidh sa rang le comhthéacs teanga níos saibhre a fhorbairt, seachas gníomhaíochtaí an ranga a scaradh idir litríocht agus ceachtanna eile.

## Eispéireas Foghlama

Soiléirítear fócas an Aonaid Foghlama trí Eispéireas Foghlama a dhearadh, a chuimsíonn:

1) Roghnú na bpointí measúnaithe ar eolas, thuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire
2) Liostáil na gcéimeanna atá le tógáil chun dul i dtreo an phointe sin
3) Liostáil na scileanna a bheidh ag teastáil ó na scoláirí chun na céimeanna sin a thógáil
4) Liostáil na bhféidearthachtaí idirghníomhaithe
5) Liostáil na bhféidearthachtaí úsáide teicneolaíochta
6) Cumadh na nIntinní Foghlama
7) Cumadh na gCritéar Ratha

Tá sé tábhachtach eispéireas foghlama agus deiseanna measúnaithe a sholáthar a fhreastlóidh ar riachtanais dhifreálaithe na scoláirí.

## Intinní Foghlama

Eascraíonn Intinní Foghlama ó na Torthaí Foghlama. Is ráiteas é an Intinn Foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraithe de cheachtanna, ráiteas a chuireann síos go soiléir ar an eolas a bheidh ag na scoláirí, ar a dtuigfidh siad, agus ar a mbeidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.

## Critéir Ratha

Bíonn na Critéir Ratha nasctha leis na hIntinní Foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí.

## Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Beidh múinteoirí rannpháirteach i gcruinnithe **Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (Cruinnithe AFMÁ)**, áit a gcomhroinnfidh siad agus a bpléifidh siad samplaí measúnuithe a chéile ar obair scoláirí agus a dtiocfaidh siad ar thuiscint chomónta ar cháilíocht fhoghlaim scoláirí.

## Tuairiscíní

Déanann na Tuairiscíní cur síos ar cháilíocht obair an scoláire i gcás gnáthmheasúnuithe ranga agus i gcás MRB 1 agus MRB 2 (féach lch 17):

*Ionchais le Baint Amach Fós* | *Ag Teacht Leis na hIonchais* | *Os Cionn na n-Ionchas* | *Thar Barr ar Fad*

## Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Cuimseoidh an measúnú ar Ghaeilge do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe; Punann Teanga, Tasc Cumarsáideach; Tasc Measúnaithe agus Scrúdú Deiridh. Ligfidh na Measúnuithe Rangbhunaithe don scoláire a chumais teanga, chumarsáide, idirghníomhaíochta agus feasachta a léiriú ar bhealach nach bhféadfaí i scrúdú foirmiúil. Bainfidh na measúnuithe go dlúth leis an ngnáthobair ranga. Beidh Tasc Measúnaithe le déanamh tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus bainfidh sé leis na torthaí foghlama a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu. Cuirfear an Tasc Measúnaithe seo chuig Coimisiún na Scrúdaithe Stáit (CSS) chun é a mharcáil mar aon leis an Scrúdú Deiridh (féach lch 18).

Úsáidfear tacar grád chun gnóthachtáil a thaifeadadh. Déanfaidh CSS na gráid seo a thuairisciú ar dtús i bhfoirm shealadach i Mí Mheán Fómhair i ndiaidh dheireadh an tríú bliain. Déanfar iad a dheimhniú ina dhiaidh sin agus cuirfear san áireamh iad i b**Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS**) atá le heisiúint ón scoil laistigh de bhliain fhéilire an scrúdaithe. Is mar seo a leanas a chuirfear síos ar ghnóthachtáil an scoláire:

**Grádú an Scrúdaithe Deiridh:**

**Gradam** (90 – 100%) | **Ardtuillteanas** (75 – 89%) | **Tuillteanas** (55 – 74%) | **Gnóthaithe** (40 – 54%)
**Gnóthaithe go páirteach** (20 – 39%) | **Neamhghrádaithe** (0 – 19%)

## Measúnú Foirmitheach

Is é Measúnú Foirmitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear modhanna foirmiúla/ neamhfhoirmiúla chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú le linn an phróisis fhoghlama. Úsáidtear na modhanna seo chun na scoláirí a chothú agus chun an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais na scoláirí. Ligeann an próiseas do mhúinteoirí agus scoláirí eolas a bhailiú ar dhul chun cinn scoláirí, agus cur chuige teagaisc an mhúinteora a leasú chun tacú le foghlaim an scoláire. Baineann Measúnú chun Foghlama (McF/AfL) le gnéithe uile an mheasúnaithe fhoirmithigh ach bíonn fócas ar leith ann ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina c(h)uid foghlama.

**Tuilleadh Eolais in Imlitreacha na Roinne Oideachais & Scileanna:**

**Imlitir 0015/2017:**
https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gn%C3%ADomhacha/cl0015_2017_ir.pdf
**Imlitir 0029/2017:**
https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gn%C3%ADomhacha/cl0029_2017_ir.pdf

| | | | |
|---|---|---|---|
| Úsáideoir Inniúil | | C2 | Is féidir leis beagnach gach rud a chloiseann nó a léann sé a thuiscint. Is féidir leis achoimre a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear ó fhoinsí difriúla labhartha agus scríofa, agus argóintí agus cuntais a athinsint i gcur i láthair comhleanúnach. Is féidir leis é féin a chur in iúl gan réamhsmaoineamh, go líofa agus go beacht, agus miondifríochtaí céille a chur in iúl go cruinn is cuma cé chomh casta is atá na cúinsí. |
| | | C1 | Is féidir leis raon leathan téacsanna atá casta agus fada a thuiscint, agus an bhunbhrí intuigthe a aithint. Is féidir leis é féin a chur in iúl go líofa agus gan réamhsmaoineamh, gan nathanna cainte a chuardach go follasach. Is féidir leis teanga a úsáid go solúbtha agus go héifeachtach chun críocha sóisialta, acadúla agus gairmiúla. Is féidir leis téacs atá soiléir, dea-struchtúrtha agus mionsonraithe a tháirgeadh ar ábhair chasta, agus úsáid rialaithe as patrúin eagraíochtúla, as nascairí agus as seifteanna comhtháite a thaispeáint. |
| Úsáideoir Neamhspleách | | **B2** | **Is féidir leis na príomhsmaointe a thuiscint i dtéacsanna casta a bhaineann le topaicí nithiúla agus le topaicí teibí araon, lena n-áirítear díospóireachtaí teicniúla ina shainréimse spéise féin. Is féidir leis caidreamh a dhéanamh go measartha líofa agus gan réamhsmaoineamh, a fhágann go mbíonn sé in ann caidreamh rialta a dhéanamh le cainteoirí dúchais gan mórán stró ar cheachtar acu. Is féidir leis téacs atá soiléir agus mionsonraithe a tháirgeadh ar raon leathan ábhar agus míniú a thabhairt ar thuairim ar cheist thráthúil, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le roghanna éagsúla á gcur in iúl aige.** |
| | | B1 | Is féidir leis na príomhphointí a thuiscint i ngnáthchaint shoiléir agus chaighdeánach ar chúrsaí coitianta a bpléitear go rialta leo san áit oibre, ar scoil, le linn caitheamh aimsire, ⁊rl. Is féidir leis déileáil le formhór na gcásanna ar dóigh dóibh teacht chun cinn agus é ag taisteal i gceantar ina labhraítear an teanga. Is féidir leis téacs atá simplí agus nasctha a tháirgeadh ar thopaicí a bhfuil cur amach aige orthu nó a bhfuil spéis phearsanta aige iontu. Is féidir leis trácht a dhéanamh ar eispéiris, ar eachtraí, ar mhianta, ar ábhair dhóchais agus ar uaillmhianta agus cúiseanna achoimre a thabhairt le tuairimí agus le pleananna agus mínithe achoimre a thabhairt orthu. |
| Úsáideoir Bunúsach | | A2 | Is féidir leis abairtí agus nathanna cainte coitianta a bhaineann le réimsí lena ngabhann an ábharthacht is láithrí a thuiscint (m.sh. faisnéis an-bhunúsach phearsanta agus teaghlaigh, siopadóireacht, an ceantar áitiúil, fostaíocht). Is féidir leis cumarsáid a dhéanamh le linn gnáth-thascanna simplí nuair nach bhfuil i gceist iontu ach malartú faisnéise díreach agus simplí maidir le gnáthchúrsaí coitianta. Is féidir leis cur síos a dhéanamh i dtéarmaí simplí ar ghnéithe dá chúlra, dá gharthimpeallacht agus de cheisteanna a bhaineann le riachtanas láithreach. |
| | | A1 | Is féidir leis nathanna cainte laethúla agus coitianta a thuiscint agus a úsáid mar aon le habairtí an-bhunúsach a úsáidtear chun riachtanais de chineál nithiúil a shásamh. Is féidir leis é féin agus daoine eile a chur in aithne agus ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi shonraí pearsanta, amhail an áit a bhfuil sé ina chónaí, daoine a bhfuil aithne aige orthu agus rudaí atá aige. Is féidir leis caidreamh a dhéanamh ar bhealach simplí le duine eile fad a labhraíonn an duine sin go mall agus go soiléir agus atá sé sásta cuidiú a thabhairt dó. |

**Tuilleadh Eolais i dtaobh CEFR:**

https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/

# Na Ráitis Foghlama

| Ráitis Foghlama ábhartha | Samplaí den fhoghlaim ábhartha |
|---|---|
| **RF 1:** Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1. | Glacfaidh an scoláire páirt i raon leathan gníomhaíochtaí teanga chun forbairt a dhéanamh ar a chumarsáid i réimse leathan comhthéacsanna. |
| **RF 3:** Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a thuiscint agus a léirmhíniú go criticiúil. | Rachaidh an scoláire i ngleic le réimse leathan téacsanna, chun taitneamh a bhaint astu, chun an t-ábhar iontu a thuiscint agus a mheas. |
| **RF 6:** Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu. | Trí fhoghlaim agus úsáid na teanga, tuigfidh an scoláire cultúr na Gaeilge agus mar thoradh air sin beidh meas aige ar chultúir eile agus ar éagsúlacht chultúrtha. |
| **RF 16:** Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú. | Léireoidh an scoláire tuiscint ar struchtúir agus ar dhul na Gaeilge sa chaint agus sa scríobh. |
| **RF 24:** Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil. | Bainfidh an scoláire úsáid chuí as teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le foghlaim agus le húsáid na teanga. |

# Torthaí Foghlama na Gaeilge

## Snáithe 1: Cumas Cumarsáide

| | |
|---|---|
| **Forbhreathnú gairid ar an snáithe:** Cuimsíonn cumas cumarsáide ábaltacht an scoláire sna cúig scil seo a leanas: éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríobh, atá ag teastáil uaidh chun cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí eile na teanga. Bíonn ar a chumas feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach i suíomhanna idirphearsanta cumarsáide sa phobal teanga. Bíonn ar a chumas gnáth-theanga na cumarsáide ar ghnáthluas sa phobal teanga a thuiscint agus a úsáid sa chumarsáid. Baineann sé taitneamh as a bheith páirteach sa chumarsáid le húsáideoirí eile agus as idirghníomhú leo. Tugann sé teanga chruinn shaibhir faoi deara agus úsáideann sé an teanga shaibhir chruinn i labhairt agus i scríobh na Gaeilge. Léann sé raon leathan de théacsanna, téacsanna litríochta agus ilmhódacha san áireamh atá in úsáid sa phobal teanga agus léiríonn sé tuiscint chriticiúil ar an ábhar. Cumann sé a théacsanna ábhartha féin le haghaidh cumarsáide le húsáideoirí eile. | |
| **Gnéithe** | **Torthaí foghlama**<br>*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire* |
| **Éisteacht** | **1.1** ábhair agus teachtaireachtaí na cumarsáide ar ghnáthluas[1] a thuiscint<br>**1.2** éisteacht chun brí nó sonraí faoi leith agus argóintí comhleanúnacha a thuiscint<br>**1.3** seasamh agus meon cainteoirí (go díreach/go hindíreach) a aithint<br>**1.4** teanga labhartha chruinn, shaibhir, chanúnach a thuiscint<br>**1.5** idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge<br>**1.6** píosaí éisteachta a roghnú go criticiúil agus iad a roinnt ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha |
| **Léamh** | **1.7** úsáid a bhaint as raon straitéisí léitheoireachta, straitéisí dí-chódaithe san áireamh<br>**1.8** dul i ngleic go criticiúil le raon leathan téacsanna Gaeilge ag úsáid stór focal agus teanga chuí<br>**1.9** conclúidí/impleachtaí a bhaineann go díreach nó go hindíreach le hábhar téacs a fhiosrú<br>**1.10** léiriú ar thaitneamh a bhaint as raon leathan téacsanna ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt<br>**1.11** rogha pearsanta de théacsanna* a aimsiú, a fhiosrú agus a roinnt ar son taighde agus taitnimh<br>**1.12** saintéarmaíocht a aithint agus a thuiscint i réimse éagsúla téacsanna agus seánraí scríbhneoireachta<br>**1.13** difríochtaí idirthéacsúla a fhiosrú agus a phlé i réimse téacsanna |

[1] Ní gá don chainteoir a chuid teanga a shimpliú ná a mhoilliú le go dtuigtear é

| | | |
|---|---|---|
| **Labhairt** | **1.14** | téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair mar dhuine aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa |
| | **1.15** | comhrá a fhorbairt agus smaointe pearsanta a leathnú amach ar réimse leathan ábhar |
| | **1.16** | focail a fhuaimniú go nádúrtha le tuin chruinn shothuigthe agus béim chuí |
| | **1.17** | Gaeilge shaibhir chruinn a úsáid (an teanga bheo agus leaganacha canúnacha teanga san áireamh) ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí |
| | **1.18** | a stór focal pearsanta agus stór focal comhaimseartha ar ábhar ginearálta agus ábhar ar spéis leis féin a fhorbairt agus a shaibhriú |
| **Idirghníomhú cainte** | **1.19** | páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá |
| | **1.20** | idirghníomhú go muiníneach agus go cuí i suíomhanna difriúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla |
| | **1.21** | eolas, tuairimí agus dearcthaí a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú ag athinsint nó ag míniú mioneolais, mar is gá |
| | **1.22** | dearcthaí agus eolas ó fhoinsí éagsúla a thuairisciú agus a tharraingt le chéile |
| | **1.23** | smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine |
| | **1.24** | cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha |
| | **1.25** | déileáil le deacrachtaí tuisceana ar mhaithe le cumarsáid a choimeád sa siúl |
| **Scríobh** | **1.26** | téacsanna* pearsanta agus foirmeálta, cruthaitheacha agus ilmhódacha san áireamh, a chruthú i réimse de stíleanna, réimeanna teanga, ag úsáid teanga agus stór focal cuí agus tuiscint á léiriú ar lucht a léite |
| | **1.27** | úsáid sholúbtha, chruthaitheach, spraíúil a bhaint as an teanga |
| | **1.28** | úsáid a bhaint as scileanna eagarthóireachta mar chuid de phróiseas na scríbhneoireachta, dréachtú agus athdhréachtú san áireamh |
| | **1.29** | freagairt phearsanta do théacsanna* ag léiriú tuiscint chriticiúil ar stíl, ábhar, tuin, íomhánna an téacs |
| | **1.30** | gnásanna na scríbhneoireachta m.sh litriú, poncaíocht, a aithint agus a úsáid |
| | **1.31** | píosaí scríofa a chruthú agus a roinnt i bhformáidí éagsúla ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha |
| | **1.32** | stíl scríbhneoireachta féin a fhorbairt ag baint úsáide as teanga chruinn, shaibhir (ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí) |

*** téacs/téascanna** = Is féidir *téacs* a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga: teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach. Féach an sainmhíniú ar lch 16.

# Snáithe 2: Feasacht Teanga agus Chultúrtha

| |
|---|
| **Forbhreathnú gairid ar an snáithe:** Tá an scoláire ag sealbhú na Gaeilge i dtimpeallacht na teanga. Tugann sé cruinnúsáid agus saibhreas teanga faoi deara. Tuigeann sé cad is dea-úsáideoir teanga ann agus déanann sé iarracht bheith ar aon dul leis an úsáideoir sin a bhfuil teanga chruinn shaibhir aige. Déanann sé machnamh ar an gcaoi ar an gcaoi ina n-oibríonn an teanga chun míchruinneas a sheachaint. Toisc go bhfuil an teanga timpeall air, cuireann sé aithne mhaith ar bheochultúr na Gaeilge agus bíonn deiseanna aige an cultúr sin a inmheánú. Tuigeann sé dán na teanga agus fásann an meas a bhíonn aige ar an bpobal teanga, déanann sé comhionannú leis agus spreagann sé sin é leis an teanga a úsáid sa phobal teanga. |

| Gnéithe | Torthaí foghlama<br>*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire* |
|---|---|
| **Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras** | **2.1.** ionchur saibhir cruinn a thabhairt faoi deara sna scileanna teanga uile agus eiseamláirí den dea-úsáid teanga a athúsáid<br>**2.2.** patrúin ghramadaí agus chomhréire na teanga a aithint agus a shealbhú<br>**2.3.** difríochtaí suntasacha gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, an Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas trasteanga a sheachaint<br>**2.4.** an réim chuí teanga a úsáid don ócáid, spriocghrúpa nó cineál cumarsáide<br>**2.5.** earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ar na cúiseanna leo<br>**2.6.** litriú agus poncaíocht chruinn a aithint agus a úsáid<br>**2.7.** saibhreas canúnach na Gaeilge[2] a aithint agus idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge ag tabhairt difríochtaí foghraíochta agus leaganacha canúnacha faoi deara |
| **Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga** | **2.8.** gné(ithe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach<br>**2.9.** tionscnaimh/cuir i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr[3] na Gaeilge |
| **Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais** | **2.10.** tuiscint a léiriú ar a bhfuil i gceist le bheith ilteangach<br>**2.11.** cultúir theangacha neamhfhorleathana a fhiosrú agus comparáid a dhéanamh idir theangacha |

[2] canúintí seachas a chanúint féin san áireamh, mar is cuí
[3] gnéithe stairiúla agus gnéithe comhaimseartha cultúrtha araon a dhealaíonn cultúr na Gaeilge ó chultúir eile

# Snáithe 3: Féinfheasacht an Fhoghlaimeora

| | |
|---|---|
| **Forbhreathnú gairid ar an snáithe:** Díríonn an scoláire ar na tréithe aonair atá aige féin mar fhoghlaimeoir teanga. Tuigeann sé conas straitéisí foghlama atá oiriúnach dó féin a úsáid. Tuigeann sé an spreagadh pearsanta atá aige i leith úsáid na teanga agus glacann sé úinéireacht phearsanta ar an teanga féin agus ar phróisis an sealbhú teanga. | |
| **Gnéithe** | **Torthaí foghlama**<br>*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire* |
| **Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaimeoir teanga** | **3.1** stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama pearsanta a fhorbairt chun sealbhú scileanna inaistrithe teanga a éascú<br>**3.2** déileáil go héifeachtach le haiseolas<br>**3.3** deiseanna úsáide teanga sa phobal teanga a thapú |
| **Ag forbairt na foghlama féinriair** | **3.4** cinntí neamhspleácha a dhéanamh mar fhoghlaimeoir<br>**3.5** féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn sna scileanna teanga ar fad<br>**3.6** aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama<br>**3.7** acmhainní teanga a úsáid (foclóirí, ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.) chun cruinneas agus saibhreas teanga a bhaint amach sa labhairt agus sa scríobh |
| **Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga** | **3.8** tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith úsáid na teanga sa phobal teanga**<br>**3.9** céimeanna a ghlacadh a léiríonn spreagadh pearsanta chun cur le cruinneas agus le saibhreas na teanga |

---

****pobal teanga** = Pobal ina bhfuil an spriocteanga á labhairt mar ghnáth-theanga cumarsáide i réimse an teaghlaigh agus i réimsí lasmuigh de.

# Gníomhaíochtaí

## Athruithe Cleachtais

**Cad iad na hathruithe a chuir mé i bhfeidhm i mo sheomra ranga i mbliana?**

| | | |
|---|---|---|
| **Athruithe** | **1.** | |
| | **2.** | |

## Caint agus Roinnt

**Taithí ar na Torthaí Foghlama**

## Roghnú na dTorthaí Foghlama

**Pleanáil Chomhoibríoch**

| **Na cinn a roghnaigh mé féin** | **Na cinn a roghnaigh *'an Roinn'*** |
|---|---|
| | |

## Machnamh ar na Blurbaí

# Na Gnéithe Suntasacha

**Nótaí**

# Spotsholas ar na Gníomhbhriathra

**Nótaí**

# Gníomhphointí do mo Chleachtas Pearsanta

**Nótaí**

**An tseachtain seo…**

**An téarma seo…**

**Sa chuid eile den bhliain…**

# Eispéireas Foghlama a Dhearadh

**Nótaí**

# Intinní Foghlama a Chumadh

**Nótaí**

# Critéir Ratha a Chumadh

**Nótaí**

# Litríocht


NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Liosta Téacsanna Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí

Liosta molta de théacsanna cuí don chéad bhliain

Lúnasa 2017

## Tá ról lárnach ag an litríocht sa tSonraíocht.


**"Tá ról an scoláire féin i roghnú na dtéacsanna fíorthábhachtach. Tacóidh an múinteoir leis an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun an rogha is oiriúnaí a dhéanamh… Roghnóidh an scoláire na téacsanna i gcomhpháirt leis an múinteoir."** (*Sonraíocht na Gaeilge (T1)*, Lch 18)

Tá *Liosta Molta* de sheánraí ar leith ar fáil chun tacú le foghlaim na Chéad Bhliana. Tá rogha leathan sa liosta. Má roghnaítear téacs lasmuigh den liosta molta a bheidh ar liosta an dara bliain, ní cheadófar duit an téacs sin a úsáid arís.


**Liosta Molta de Théacsanna Cuí don Chéad Bhliain:**

http://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Gaeilge

### Bunchloch do shaothrú na litríochta sa 1ú Bhliain




### Saothrú na litríochta sa 2ú agus sa 3ú Bliain




**Tuilleadh Léitheoireachta:**

### Sainmhíniú ar Théacs:

**Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga: teanga labhartha, scríofa, fhíseach, nó ilmhódach*.** Trí úsáid a bhaint as an sainmhíniú sin ar an bhfocal **téacs** féachtar le cuimsiú a dhéanamh ar an saibhreas agus ar an éagsúlacht atá riachtanach chun an scoláire a spreagadh, agus a mheas ar theanga a chothú. Ní mór tuiscint cheart a bheith ag an léitheoir ar an mbrí atá leis an bhfocal téacs chun ciall a bhaint as na torthaí foghlama i ngach gné agus i ngach snáithe. (Sampla: Alt)

***Is éard is téacs ilmhódach** ann ná téacs ina bhfuil teanga agus córais chumarsáide eile in éineacht; leithéidí téacs clóite, íomhánna, fuaim agus an teanga labhartha.

### Téacsanna Dílse:

Is éard is **téacsanna dílse** ann ná téacsanna a chumadh don phobal teanga seachas téacsanna atá dírithe ar fhoghlaimeoirí amháin.

### Sainmhíniú ar Théacs Litríochta:

Is éard is **téacs litríochta** ann ná téacs ina bhfuil léiriú ann ar bhail nó ar chúinsí an duine aonair, ar scéal a eascraíonn as mothúcháin, as taithí saoil, as cuimhní, as cruachás na staide daonna. Baineann saothair chruthaitheacha: gearrscannáin, gearrscéalta, amhráin, drámaí, dánta, úrscéalta agus araile, le croí agus le haigne, le mothúcháin is le samhlaíocht.


# Measúnú

**“Sa mheasúnú i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheith ag múinteoirí tacú leis sin.”**

(*Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1),* lch 25)

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB)

- Cuimseoidh an measúnú ar Ghaeilge do PGSS dhá Mheasúnú Rangbhunaithe.
- Bainfidh na measúnuithe go dlúth leis an ngnáthobair ranga.
- Trí na measúnuithe rangbhunaithe, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus é ag baint amach na dTorthaí Foghlama.
- Úsáidfear ***Tuairiscíní*** chun na MRBanna a mheas. Bainfear úsáid as na ráitis seo: *Ionchais le baint amach fós* | *Ag teacht leis na hionchais* | *Os cionn na n-ionchas* | *Thar barr ar fad*





### Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Teanga

Cruthaíonn an scoláire punann teanga le samplaí dá chuid saothair. Díríonn an phunann teanga ar an bpróiseas foghlama teanga agus bíonn an scoláire agus a thuras teanga féin ag croílár an teagaisc, an mheasúnaithe agus na foghlama. Tugann an phunann teanga deis don scoláire spriocanna pearsanta foghlama a leagan síos, a chuid oibre a thaispeáint, machnamh a dhéanamh ar an obair agus dul chun cinn a fheiceáil. Cruthaíonn an scoláire féin réimse leathan téacsanna sa phunann, mar shampla tionscnaimh, logaí foghlama, píosaí cruthaitheacha (dánta/amhráin agus araile a chum an scoláire), giotaí machnamhacha, ábhair thaifeadta (closamhairc agus físe), cuir i láthair a rinne sé agus araile.

***Fianaise ar an bhfoghlaim:***

Mar fhianaise ar an bhfoghlaim roghnaíonn an scoláire trí phíosa ón bpunann. Is gá píosa amháin fuaime nó físe a roghnú. Ba cheart leas a bhaint as an litríocht mar spreagadh do cheann amháin ar a laghad de na píosaí punainne a roghnófar. Is féidir píosa(í) ón litríocht áitiúil a roghnú nó téacs(anna) ón liosta litríochta don dara agus/nó don tríú bliain a úsáid chuige seo. Déanann an scoláire cur síos faoi threoir ar na cúiseanna le roghnú pearsanta na dtrí phíosa oibre.




### Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach


Tugann an Tasc Cumarsáideach deis don scoláire ábhar, topaic nó saincheist ar spéis leis féin nó atá tábhachtach dó a roghnú agus a fhiosrú thar thréimhse ama. Tá béim láidir ar chumas labhartha agus idirghníomhaithe an scoláire agus ar an nasc leis an bpobal teanga sa tasc seo. Is féidir leis an scoláire aon cheann de na formáidí seo a leanas a roghnú: agallamh, ról-imirt, cur i láthair, drámaíocht nó comhrá mar fhreagairt ar spreagthach chun an tasc a chur i gcrích. Is féidir leis an scoláire obair ina aonar, le scoláire eile mar obair bheirte nó i ngrúpa don tasc seo. Ach, i gcás ghrúpa is gá a chinntiú go nglacann gach scoláire páirt/ról cinnte agus go gcuireann gach scoláire leis an tasc go fiúntach. Tugtar deis don scoláire:

**1.** idirghníomhú lena chomhscoláirí, leis an múinteoir agus leis an bpobal teanga, **2.** scileanna teanga agus saibhreas teanga a fheabhsú, **3.** scileanna ginearálta a fhorbairt (taighde a dhéanamh, bainistiú ama, féinbhainistiú, obair le daoine eile agus araile), **4.** úinéireacht a ghlacadh ar an bhfoghlaim

Más spéis leis an scoláire tarraingt ar fhoinsí litríochta mar spreagadh dá thopaic/shaincheist is féidir téacsanna ó liosta litríochta an dara bliain nó foinsí ón litríocht áitiúil/bhéil a úsáid.

***Fianaise ar an bhfoghlaim:***

Mar fhianaise ar an bhfoghlaim tugann an scoláire faoi thaighde, faoi ullmhúchán agus déanann sé cur i láthair ranga gairid agus freagraíonn sé ceisteanna óna chomhscoláirí faoina chur i láthair.





## An Tasc Measúnaithe

Tabharfaidh an scoláire faoi Thasc Measúnaithe nuair a bheidh na Measúnuithe Rangbhunaithe curtha i gcrích aige. Cuirfear an tasc measúnaithe sin i gcrích tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus cuirfear é faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe roinnt de na gnéithe seo a leanas nó gach ceann díobh:

• cumas an scoláire chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar an Measúnú Rangbhunaithe

• cumas an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé, agus chun iad a úsáid i suíomhanna nach bhfuil mórán cleachtaidh aige orthu

• cumas an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar athraigh a chóras luachanna trína thaithí ar an Measúnú Rangbhunaithe.




## An Scrúdú Deiridh

Socróidh Coimisiún na Scrúdaithe Stáit an scrúdú deiridh ag dhá leibhéal: Gnathleibhéal agus Ardleibhéal. Scrúdpháipéar amháin a bheidh ag gach leibhéal. Beidh an scrúdú seo ar siúl ag deireadh an tríú bliain. Scrúdú dhá uair an chloig a bheidh le déanamh ina n-iarrfar ar an scoláire a chuid inniúlachtaí teanga a léiriú trí dhul i mbun tascanna difriúla teanga agus litríochta a éileoidh cumarsáid phearsanta idirghníomhach. Leagtar amach sa tábla thíos ualú na marcanna do na scileanna gabhchumais (éisteacht, léitheoireacht) agus na scileanna ginchumais (ceapadóireacht chruthaitheach, an fheasacht teanga, agus an litríocht i gcás ardleibhéil.)

# Scrúdú Deiridh:


## Scileanna a ndéanfar measúnú orthu | Ualú na marcanna | Fianaise

| Inniúlacht/scil á tástáil | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal |
|---|---|---|
| Éisteacht i gcomhthéacs | ✓ | ✓ |
| Léamh i gcomhthéacs | ✓ | ✓ |
| Tascanna ceapadóireachta cumarsáide | ✓ | ✓ |
| Freagairt phearsanta/chumarsáideach do théacsanna litríochta | ✓ | ✓ |
| **Ualú na marcanna** | **Ardleibhéal** | **Gnáthleibhéal** |
| Scileanna Gabhchumais | 35% | 55% |
| Scileanna Ginchumais | 55% | 35% |
| **Fianaise ar an bhFoghlaim** | **Measúnú** | **Toradh** |
| MRB 1 | Cruinniú AFMÁ | Tuairiscín |
| MRB 2 | Cruinniú AFMÁ | Tuairiscín |
| Scrúdú Deiridh (Tasc Measúnaithe san áireamh) | CSS | De réir na nGnéithe Cáilíochta |

**Tuilleadh Eolais/Tacaíochta: An Uirlis Úsáide um Measúnú (CNCM)**

http://juniorcycle.ie/Assessment/Focus-on-Learning

# Próiseas na Pleanála




## Pleanáil Scoláire-Lárnach agus Machnamh an Mhúinteora ag deireadh an Aonaid Foghlama:

### Roimh dhul i mbun teagaisc:

1. Cá bhfuil na scoláirí ag an bpointe seo ar a n-aistear foghlama? Cad atá mé ag iarraidh go bhfoghlaimeoidh siad?
2. Cá mbeidh na scoláirí ag deireadh an Aonaid Foghlama? Cén t-eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna a bheidh forbartha acu?
3. Conas a rachaidh na scoláirí chun cinn? Cén acmhainní, áiseanna agus gníomhaíochtaí a thacóidh leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim?
4. Cén chaoi a mbeidh a fhios againn go bhfuil dul chun cinn déanta acu? Conas is féidir liom/leo a gcuid dul chun cinn ar an bhfoghlaim a mheas? Cad iad na chéad chéimeanna eile san aistear foghlama?

### Ag deireadh an Aonaid Foghlama:

1. Cad a d'fhoghlaim na scoláirí? Ar éirigh leis an bpleanáil a chuir mé i bhfeidhm?
2. An bhfuil na scoláirí réidh chun an chéad chéim eile san fhoghlaim a thógáil? Cad iad na chéad chéimeanna eile a mbeidh siad in ann tabhairt fúthu?
3. An ndearna na scoláirí an dul chun cinn a bhí beartaithe agam? Ar chothaigh na hacmhainní, na háiseanna agus na gníomhaíochtaí ar bhain mé úsáid astu leis an bhfoghlaim?
4. An ndearna mé/siad monatóireacht ar a ndul chun cinn? An raibh an cur chuige éifeachtach? Ar thug mé aiseolas dírithe dóibh? Ar bhain mé leas as an Uirlis Úsáide um Measúnú?





Bunaithe ar Michael Absolum, *Clarity in the Classroom* (2010), lch 192





**Tuilleadh Eolais/Tacaíochta: An Uirlis Úsáide um Measúnú (CNCM)**
http://juniorcycle.ie/Assessment/Focus-on-Learning






# Critéir Raṫa 7 An Rúibric





## Sa *Tellagami* an bhfuil mé ábalta:

1. a mhíniú cén fáth ar roghnaigh mé an t-úrscéal (nó an gearrscannán) seo?
2. eolas a thabhairt faoin scéal agus téama a thug mé faoi deara a chur in iúl?
3. eolas a thabhairt faoi na carachtair (tréithe agus mothúcháin) agus conas atá mé cosúil (neamhchosúil) leo?
4. labhairt amach go soiléir i nGaeilge chruinn le fuaimniú ceart?
5. réimse leathan briathra san Aimsir Láithreach a úsáid i gceart?
6. a mhíniú cén fáth ar thaitin nó nár thaitin an scéal liom?
7. cur síos a dhéanamh ar na scileanna (scileanna teicneolaíochta san áireamh) a d'fhoghlaim mé san aonad seo?


| **Critéir Ratha** |  |  |  |  |
|---|---|---|---|---|
| **1. A mhíniú cén fáth ar roghnaigh mé an t-úrscéal (/gearrscannán) seo** | Tugann an scoláire pointe amháin eolais faoin gcúis ar roghnaigh sé an t-úrscéal (/gearrscannán). | Tugann an scoláire níos mó ná pointe amháin eolais faoi na cúiseanna ar roghnaíodh an t-úrscéal (/gearrscannán). | Tugann an scoláire roinnt mhaith eolais faoi na cúiseanna ar roghnaíodh an t-úrscéal (/gearrscannán) agus míníonn sé na cúiseanna sin. | Tugann an scoláire go leor eolais faoi na cúiseanna ar roghnaigh sé an t-úrscéal (/gearrscannán), an ról a bhí aige i roghnú an téacs agus míníonn sé na cúiseanna sin go cuimsitheach. |
| **2. Eolas a thabhairt faoin scéal agus téama a thug mé faoi deara a chur in iúl** | Tugann an scoláire pointe amháin eolais faoin scéal agus luann sé téama atá ann. | Tugann an scoláire níos mó ná pointe amháin eolais faoin scéal agus déanann sé cur síos gairid ar an téama. | Tugann an scoláire roinnt mhaith eolais faoin scéal agus déanann sé cur síos sách cuimsitheach ar an téama. | Tugann an scoláire go leor eolais faoin scéal. Féachann sé ar an scéal go criticiúil agus déanann sé comhionannú le gné den téama nó a mhalairt. |
| **3. Eolas a thabhairt faoi na carachtair agus a rá conas atá mé cosúil (neamhchosúil) leo** | Luann an scoláire carachtar atá sa scéal agus tugann sé pointe amháin eolais faoin gcarachtar sin. | Tugann an scoláire níos mó ná pointe amháin eolais faoi na carachtair atá sa scéal. | Déanann an scoláire cur síos maith ar na carachtair. Léiríonn sé conas atá se cosúil le carachtar amháin (nó míníonn sé an chaoi a bhfuil sé neamhchosúil leis an gcarachtar sin). | Tugann an scoláire go leor eolais faoi na carachtair. Féachann sé ar na carachtair go criticiúil agus déanann sé comhionannú (nó a mhalairt) le carachtar amháin ar a laghad. |
| **4. Labhairt amach go soiléir i nGaeilge chruinn** | Tá an scoláire stadach agus neirbhíseach den chuid is mó. Fuaimniú doiléir. | Tá an scoláire soiléir ina chuid cainte den chuid is mó le fuaimniú measartha cruinn. | Tá an scoláire líofa agus soiléir ina chuid cainte. Fuaimniú cruinn don chuid is mó. | Tá an scoláire thar a bheith líofa agus an-soiléir. Tá sé an-chruinn ar fad ag fuaimniú na bhfocal. |
| **5. Réimse leathan briathra san Aimsir Láithreach a úsáid i gceart** | Úsáideann an scoláire briathra bunúsacha san Aimsir Láithreach. Easpa cruinnis. | Úsáideann an scoláire réimse sách-leathan de bhriathra san Aimsir Laithreach ach iad a bheith coitianta go leor. Measartha cruinn. | Úsáideann an scoláire réimse sách-leathan de bhriathra san Aimsir Láithreach ach iad a bheith cruinn ceart. | Úsáideann an scoláire briathra san Aimsir Láithreach atá cruinn ceart agus cúpla ceann atá neamhchoitianta nó casta. |
| **6. Míniú cén fáth ar thaitin nó nár thaitin an scéal liom** | Deir an scoláire gur thaitin nó nár thaitin an t-úrscéal /gearrscannán leis. | Luann an scoláire fáth amháin ar thaitin nó nár thaitin an t-úrscéal /gearrscannán leis. | Luann an scoláire cúpla fáth ar thaitin nó nár thaitin an t-úrscéal / gearrscannán leis. | Míníonn an scoláire go soiléir, ag léiriú tuisceana ar an scéal, na fáthanna ar thaitin nó nár thaitin an t-úrscéal /gearrscannán leis. |
| **7. Cur síos a dhéanamh ar na scileanna a d'fhoghlaim mé** | Tugann an scoláire pointe eolais faoi na scileanna a d'fhoghlaim sé. | Tugann an scoláire níos mó ná pointe amháin eolais faoi na scileanna a d'fhoghlaim sé. | Déanann an scoláire cur síos sách leathan ar na scileanna a d'fhoghlaim sé. | Déanann an scoláire cur síos criticiúil ar na scileanna a d'úsáid sé agus luann sé conas iad a úsáid i suíomhanna difriúla. |

| | |
|---|---|
|  | ***Amach* (M)** **Alan Titley**<br>'Cá bhfuil tusa ag dul?' arsa mo mháthair liom agus mé in aice an dorais. 'Amach' arsa mise. 'Cá bhfuil amach?' ar sise. 'Tá amach an-mhór.' 'Amach ansin,' arsa mise mó mhéar á síneadh agam i dtreo na sráide, 'tá a fhios agat'. 'Níl a fhios agam,' ar sise. 'Níl a fhios agam ar chor ar bith.' Úrscéal gairid simplí ó údar a thuigeann aigne an déagóra. |
|  | ***An bhfaca éinne agaibh Roy Keane?* (M)** **Mícheál Ó Ruairc**<br>Imreoir sacair den scoth é Brian. Cheana féin tá scabhtaí de chuid Man. Utd ag léiriú spéise ann. Ach buailtear a athair go dona tinn le hailse. Tosaíonn saol Bhriain ag titim as a chéile. Scéal spreagúil don aoisghrúpa 13 – 15 bhliana, scríofa i nGaeilge nádúrtha shimplí a théann i bhfeidhm ar an léitheoir óg ón gcéad abairt go dtí an abairt dheiridh. Bhuaigh an t-úrscéal seo do dhaoine óga an chéad dhuais i gComórtas an Oireachtais in 2003. |
|  | ***An Fear a Chuireadh Crainn*** **Eoin Ó Néill**<br>Leagan Gaeilge ar *L'homme qui plantait des arbres* faoi fhear fíorneamhghnách, aoire caorach ar nós leis crainn a chur agus a d'athraigh taobh tíre a bhíodh tur, bánaithe agus gan anam. |
|  | ***An Sclábhaí* (C)** **Colmán Ó Raghallaigh**<br>Saol crua anróiteach an sclábhaí atá i ndán don Rómhánach óg, Pádraic, nuair a thugtar go hÉirinn é ag Niall na Naoi nGiallach. Ach nuair a thagann a dheis éalaithe tá contúirtí a dhóthain fós roimhe. |
|  | ***An tÁdh Dearg*** **Aoife Ní Ghuairim**<br>Measann Niall go bhfuil rud éigin aisteach faoin mbeirt strainséirí atá tagtha go hInis Ruairí ach níl a chairde sásta éisteacht leis. Ansin buaileann Jeaic leo. Cén fáth a bhfuil sé chomh neirbhíseach sin? De réir a chéile tagann amhras ar na cairde faoi rudaí agus téann siad i mbun fiosruithe. Ach ní thuigeann siad an chontúirt ina bhfuil siad… |
|  | ***Daideo* (M)** **Áine Ní Ghlinn**<br>Buachaill ar a theitheadh óna thuismitheoirí. Seanduine ar a theitheadh óna pháistí. Castar ar a chéile iad ar an traein go Baile Átha Cliath. Éisteann siad le scéalta a chéile. Tuigeann siad a chéile. Cén toradh a bheidh ar an gcairdeas nua seo? |

| | |
|---|---|
|  | ***Dialann sár-rúnda* (U)** **Siobhán Parkinson**<br>An saol atá timpeall uirthi sa chathair, an dráma ó lá go lá, an tuiscint a bhaineann Amy as na heachtraí sin a chuireann í ag scríobh ina dialann phearsanta. Eachtraíocht is ea an saol, nach ea? Grá. Samhlaíocht. Greann. Briseadh beag croí ó am go ham. Daoine fásta nach féidir bun ná barr a dhéanamh díobh. Agus casadh sa scéal, nach bhfuil coinne ar fad leis. Ardscéal. Corraitheach freisin. Oscail agus scaoilfear an rún. |
|  | ***Fáinne Fí Fífí* (U)** **Meadhbh Ní Eadhra**<br>Nuair a fhágann Fiona Béal Feirste le dul chun na hEilbhéise tá neart eachtraí roimpi – cuid acu a bhfuil sí ag súil leo, cuid eile nach bhfuil súil dá laghad aici leo. Cuirtear bainis a carad, Sabine, go cúl a cinn nuair a bhuaileann sí le Johann, an tEilbhéiseach dathúil. Ní leor bogha amháin a bheith ag Cupid chun a bhfuil de shaigheada an ghrá le scaoileadh sa chás seo. Ach cén mhistéir mhór chasta í seo a bhaineann le Roberto, an hunk Laidineach ón Iodáil atá geallta le Sabine? Céard é is bunús le hamhras an Éireannaigh óig i dtaobh an fhir Iodálaigh chéanna? |
|  | ***Fuadach* (M)** **Áine Ní Ghlinn**<br>Fuadaitheoirí i gclós na scoile… Iníon an Ambasadóra i mbaol… Milliún euro sula scaoilfear saor í… An féidir le bleachtairí óga na scoile teacht i gcabhair ar na gardaí? Scéal bleachtaireachta faoi fhuadach páiste. Aicsean, eachtraíocht, nithe agus daoine as a riocht. Insint spreagúil bhríomhar. |
|  | ***Hiúdaí Beag* (U)** **Eithne Ní Ghallchobhair**<br>Bhí Hiúdaí beag ag tarraingt ar naoi mbliana déag d'aois ach lá oibre ní dhearna sé riamh ina shaol. D'fhan sé sa bhaile lá i ndiaidh lae go dtí gur tugadh bata agus bóthar dó. Tosaíonn an scéal seo agus Hiúdaí Beag ar tí aghaidh a thabhairt ar an domhan mórthimpeall air, a bhfuil an greann agus an ghruaim i ndán dó. Casann sé ar dhaoine aisteacha in áiteanna iontacha ach bíonn an ghrian lena dhroim i gcónaí… Go dtí go gcastar rí na gcat air! |
|  | ***Hóng* (C)** **Anna Heussaff**<br>Tá brón orm. Tá eagla orm. Cabhraigh liom…<br>Is cluiche iontach é Hóng, a imríonn Evan ar a ríomhaire an t-am ar fad. Ach tá imreoir eile, Yin, ag impí air cabhrú léi. Cé hí Yin agus cén fáth go bhfuil eagla uirthi – ní istigh sa chluiche, ach sa saol mór? Conas a chuirfidh Evan, a chara, Rio, agus a dheirfiúr, Síofra, stop le gnó salach in Éirinn agus sa tSín? |
|  | ***Jimín Mháire Thaidhg* (M)** **An Seabhac**<br>Beagnach céad bliain ó foilsíodh *Jimín Mháire Thaidhg* don chéad uair, tugann an t-eagrán maisithe seo léargas úr ar an leabhar is aitheanta i gcorpas litríocht Ghaeilge na n-óg. Leagan glanta agus giorraithe de *Jimín Mháire Thaidhg* a léigh glúine de pháistí scoile Éireannacha, ar baineadh tagairtí don chleamhnas, do chaidreamh idir dhaoine fásta agus don bhás amach as. Filleann an t-eagrán seo ar an mbuntéacs agus tugann sé cuntas níos grinne agus níos greannmhaire ar nósanna agus ar chultúr na Gaeltachta ag tús an fhichiú aois. |

| | |
|---|---|
|  | ***Lá leis na Lochlannaigh* (U)** **Máire Zepf**<br>Tá Cormac agus Brídín ar bís le stopadh tí Mhamó agus Daideo arís. Tá siad ag súil le heachtra spleodrach stairiúil eile tríd an doras draíochta. Ach, nuair a thaistealaíonn siad go Duibhlinn na Lochlannach, tá dainséar agus priacal san aer. An éireoidh leo teacht slán ón chontúirt? Agus cad a gheobhaidh siad amach faoi fhíorshaol na Lochlannach? |
|  | ***Maitríóisce* (U)** **Siobhán Parkinson**<br>Lá breithe Mara atá ann. Tá trí bliana déag bainte amach aici. Ach an bronntanas a thugann a máthair di ná sraith bábóg maitríóisce ón Rúis – an saghas bronntanais a gheobhadh cailín beag, agus bábóigín amháin acu caillte, fiú. Nuair a théann Mara agus a cara Dorota ar thóir na bábóige is lú, áfach, nochtann eolas nach raibh barúil ag Mara faoi roimh ré. |
|  | **Pincí sa Ghaeltacht (M)** **Áine Uí Fhoghlú**<br>Is déagóir réabhlóideach í Pincí agus níl ag éirí go maith lena cuid Gaeilge ar scoil. Níl sí pioc sásta nuair a chuireann a tuismitheoirí chuig an nGaeltacht í. Sa seanteach ina bhfuil sí ar lóistín tá seomra amháin nach n-úsáidtear riamh. Cloistear fuaimeanna aisteacha i lár na hoíche, feictear scáthanna mistéireacha agus tá scéalta faoi thaibhsí ag gabháil thart. An bhfuil an misneach ag éinne de na déagóirí na himeachtaí scanrúla a fhiosrú? Níor shamhlaigh Pincí riamh go mbeadh an coláiste samhraidh mar *seo*…! Bhuaigh *Pincí sa Ghaeltacht* duais i gcomórtais liteartha an Oireachtais 2011. |
|  | ***Scoil an Chnoic* (U)** **Jacqueline de Brún**<br>Seanscoil aisteach rúnda í Scoil an Chnoic. Tá ballaí an halla breac le pictiúir áille, ach is beag duine sa scoil a thugann suntas dóibh go dtí go dtarlaíonn eachtra a osclaíonn súile gach éinne. |
|  | ***Séanna* (M)** **Peadar Ua Laoghaire**<br>Gréasaí tuaithe é Séanna a dhéanann margadh leis an bhFear Dubh. Ní cheannóidh a bhfuil d'airgead ón bhFear Dubh aige suaimhneas aigne dó. Tá trí bliana déag aige sula dtagann an Fear Dubh ar ais chun Séanna a thabhairt leis. Ach tá cúnamh ag Séanna nach bhfuil an Fear Dubh ag coinne leis. Clasaic chanónta na Gaeilge í seo, leagan ar leith de sheanscéal idirnáisiúnta Faust, le casadh agus críoch gan choinne air. Mórshaothar tosaigh próis na hAthbheochana é, buanchompánach na nglúnta foghlaimeoirí agus eiseamláir stíle agus friotail ar dheacair é a shárú inniu féin. |

| **Eochair** | | |
|---|---|---|
| Closleabhar ar fáil | rLeabhar ar fáil | Cuid de shraith leabhar |
| **Canúintí na Gaeilge** | | |
| **U** = Canúint Uladh | **C** = Canúint Chonnacht | **M** = Canúint na Mumhan |




***Strainséirí* (C)** **Colmán Ó Raghallaigh**

Bhí Eilí in ann focail áirithe a dhéanamh amach anois; focail ghránna, mhaslacha a chloiseadh sí ó dhaoine sna bailte móra ó am go chéile; focail a bhain léise agus lena cineál, agus a chuir uafás uirthi. Chaithfeadh sí teitheadh ó na focail sin agus ó na daoine dorcha, dainséireacha sin a bhí á scairteadh léi … chaithfeadh sí rith. Ciníochas ceilte Éireann an lae inniu is cúlra don úrscéal seo le Colmán Ó Raghallaigh faoin gcairdeas a fhásann idir bheirt chailíní óga ó dhá chúlra éagsúil agus a thugann dúshlán na muintire lena mbaineann siad beirt.





***Toraíocht Taisce* (M)** **Mícheál Ó Ruairc**

Tugann déagóir óg, Peadar Mac Ionraic, cuairt ar an nGaeltacht agus titeann faoi scáth draíochta eachtraí stairiúla smuigléireachta. Ag an am céanna tá fíoreachtraí a shaoil bhaile agus a shaoil féin le réiteach aige.





***Trumptaí Dumptaí agus An Falla Mór* (C)** **Ré Ó Laighléis**

*Bhuel… Teastaíonn ó Donald J. Trump falla a thógail- huth! Is mian leis Hombres agus bad dudes Mheicsiceo a choinneáil amach as na Stáit Aontaithe…* Samhlaigh an t-iontas atá ar na Gaillimhigh, Rónán agus Fionntán Ó Conghaile, as ceantar na nOileán, nuair a thagann glaoch ón Teach Bán chucu san oifig i mBostún, lá. Teastaíonn ón Trumpach go ndéanfaidh 'R & F Ó Conghaile Teo.' an falla a thógáil dó… agus tógfaidh.




***Tubaiste ar an Titanic* (U)** **Máire Zepf**

Is mór an dúil atá ag Cormac agus Brídín in eachtraí stairiúla ach nuair a aimsíonn siad eochair aisteach i dteach a seanmháthar bíonn eachtra i ndán dóibh nach ndéanfaidh siad dearmad uirthi go deo!




***Vaimpír san Áiléar* (M)** **Orna Ní Choileáin**

Tá cónaí ar Marius, an vaimpír, in áiléar Ailfí. Gabhann sé timpeall an tí mar is toil leis agus tógann a bhfuil uaidh ón gcófra bia. Níl saol na vaimpíre saor ó thrioblóid nuair a thagann tinneas fiacaile air. Cuirtear leis na deacrachtaí nuair a théann Ailfí chun an stiúideo teilifíse leis na tiripíní. Tá an fhoireann ag iarraidh físeán a dhéanamh de Marius ach an féidir físeán a dhéanamh de Vaimpír?




***Vortex* (C)** **Anna Heussaff**

Úrscéal eachtraíochta, lán de theannas is de spleodar. É ag plé le saol samhlaíoch páistí an lae inniu. Gluaisteáin ghasta, cluiche scáileáin agus turais i mórchathracha cáiliúla. Dílseacht cairde, eagla agus misneach. Iad ag tiomáint i gcathair Londan. Luas agus contúirt, naimhde ar a dtóir. Ach go tobann tagann eagla orthu roimh shaol lán de rialacha nach dtuigeann siad.

# Gearrscannáin T1

don Chéad Bhliain

| | |
|---|---|
| ***An t-Ádh***<br>20 nóim<br> | **Stiúrthóir:** Colm Bairéad<br>**Scríbhneoir:** Medb Johnstone<br><br>Scéal é seo atá bunaithe ar shaothar Phádraic Uí Conaire. Is iomaí casadh sa saol seo ach is beag an chuimhne a bhíonn ag Liam ar an méid atá i ndán dó nuair a shocraíonn sé dul go hÁrainn chuig cluiche peile. Nuair nach mbíonn ach áit do bheirt ar bhád Tom Beag, tagann Liam ar phlean a chuireann athrú tubaisteach ar a shaol go deo. Seo lá nach ndéanfaidh Liam dearmad go brách air. |
| ***An Teanga Rúnda***<br>13 nóim<br> | **Stiúrthóir:** Brian Durnin<br>**Scríbhneoir:** Brian Durnin<br><br>Gaeilge a labhraíonn James agus a athair Mícheál nuair a bhíonn siad i mbun a ngnó spiaireachta rúnda. Ní fhéadfadh máthair James fáil amach faoi na misin rúnda a bhíonn ar bun acu. Ach luath nó mall beidh a fhios ag gach duine faoin méid a bhíonn ar siúl acu. |
| ***Céad Ghrá***<br>12 nóim<br> | **Stiúrthóir:** Brian Deane<br>**Scríbhneoir**: Matthew Roche<br><br>Téann beirt dlúthchara sa tóir ar a gcéad ghrá. |
| ***Clare sa Spéir***<br>19 nóim<br> | **Stiúrthóir:** Audrey O'Reilly<br>**Scríbhneoir:** Audrey O'Reilly<br><br>Cé a chreidfeadh go mbeadh bean ina cónaí thuas i dtigín crainn in eastát tithíochta ar imeall Bhaile Átha Cliath? |
| ***Cúilín Dualach***<br>12 nóim<br> | **Stiúrthóir:** Nora Twomey<br>**Scríbhneoir:** Jackie Mac Donncha<br><br>Bhuaigh an clár seo gradam ag an bhFéile Scannánaíochta Ceilteach. Tá *Cúilín Dualach* bunaithe ar ghearrscéal faoin gcaoi a gcaitear fós le daoine faoi mhíchumas. Nuair a thagann Cúilín ar an saol bíonn a cheann iompaithe siar. Bíonn grá ag a mháthair dó ón tús ach ní bhíonn aird ag aon duine eile air, fiú a athair féin. Ar feadh a shaoil bíonn Cúilín ag iarraidh grá agus meas a athar a tharraingt chuige féin ach nuair a éiríonn leis bíonn sé ró-mhall. |

# Teimpléad Pleanála (2017/2018)

**Bliain:** **Fad an aonaid:** _______ seachtaine*

*****_Le plean roinne, braithfidh fad an aonaid ar chumas an ranga, ar líon na dtéacsanna a roghnaítear le dul i ngleic leo agus ar an gcaoi ina gcuireann múinteoirí ranga na féidearthachtaí roghnacha in oiriúint dá ranganna féin._

## Na Torthaí Foghlama (féidearthachtaí le roghnú astu*):

**Cumas Cumarsáide:**

**Feasacht Teanga agus Chultúrtha:**

**Féinfheasacht an Fhoghlaimeora:**

*****_Ní mór Torthaí Foghlama a roghnú as na trí shnáithe. Beidh eolas ar réamhfhoghlaim na scoláirí mar threoir do roghnú na dTorthaí Foghlama. Cuimhnigh gur cheart go mbeadh Eispéireas Foghlama agus Deiseanna Measúnaithe ag teacht le cibé Torthaí Foghlama atá roghnaithe._

## Téacsanna litríochta agus téacsanna tacúla eile chun cur leis an aonad foghlama (féidearthachtaí)

## Aonad Foghlama bunaithe ar ___________________________*:

***Le dearadh ag brath ar na Torthaí Foghlama a roghnaíonn an múinteoir le díriú orthu.***

## Eispéireas Foghlama agus Deiseanna Measúnaithe*:

→

→

→

→

→

→

→

→

***Braithfidh na féidearthachtaí don fhoghlaim agus don mheasúnú ar réimse spéise agus cumais na scoláirí agus ar líon na dtascanna a roghnaíonn múinteoir(í) a dhéanamh laistigh den aonad. Tá sé tábhachtach eispéireas foghlama agus deiseanna measúnaithe a sholáthar a fhreastlóidh ar riachtanais dhifreálaithe na scoláirí.***

## Machnamh an Mhúinteora ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim*:

***Chun treoir a fháil don mhachnamh iaraonaid, féach an liosta ceisteanna a mholann Michael Absolum** (Clarity in the Classroom, 2010) *dúinn a chur orainn féin mar mhúinteoirí. Tá siad ar fáil ar bhileog ar leith sa bhforannóg pleanála i rannóg na Gaeilge ar shuíomh idirlín SSM (JCT – www.jct.ie).*

# Nótaí

**Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)**
Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna

**Oifig Riaracháin:**
Ionad Oideachais Mhuineacháin | Bóthar Ard Mhacha | Muineachán
Teil.: (047) 74008

**Oifig an Stiúrthóra:**
BOOLM | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan
Teil.: (042) 936 4603

**Féach rannán na Gaeilge ar:**
www.jct.ie

**Córas Giolcaireachta:**
@jctGaeilge | @JCforTeachers | #JCGaeilge

Ceol na teanga

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers